C/2025/1476

28.2.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11786 – MONDI / SCHUMACHER PACKAGING (GERMAN & DUTCH & UK BUSINESS))

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1476)

1. An 19 Feabhra 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mondi Investments Limited (an Ríocht Aontaithe), fochuideachta ar lánúinéireacht ag Mondi plc ('Mondi') (an Ríocht Aontaithe);

— scaireanna in eintitis áirithe agus sócmhainní a dhéanann suas gnólachtaí um réitigh roctha agus bord láidir na Gearmáine, na hÍsiltíre agus na Ríochta Aontaithe ar le grúpa cuideachtaí Schumacher Holding GmbH (an Ghearmáin) iad (le chéile, an 'Sprioc').

Gheobhaidh Mondi rialú aonair ar an Sprioc ina hiomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir comhtháite pacáistíochta agus páipéir ghnó é Mondi. Tá a ghníomhaíochtaí gnó dírithe den chuid is mó ar an Eoraip, ar Mheiriceá Thuaidh agus ar an Afraic,

— Soláthraíonn an Sprioc réitigh pacáistíochta déanta as bord roctha agus soladach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11786 – MONDI / SCHUMACHER PACKAGING (GERMAN & DUTCH & UK BUSINESS)

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').